AnDroichead

# Clár Imeachtaí

## Eanáir – Márta 2010






AnDroichead




Lárionad An Droichid
20 Sráid Chúic, Bóthar Ormeau, Béal Feirste, BT7 2EP
20 Cooke Street, Ormeau Road, Belfast BT7 2EP
**www.androichead.com**
☎: +44 (0) 28 9028 8818
R/E: imeachtai@androichead.com

arts council
LOTTERY FUNDED
Foras na Gaeilge

**Buaiteoirí Gradam Aislinge 2009**



# Fáilte/Welcome

Ba mhaith linn buíochas mór a ghabháil le gach duine a d'fhreastail ar ranganna nó ar imeachtaí sa bhliain atá caite. Chomh maith leis sin, ba mhaith linn daoine nua a spreagadh chun dul i dtaithí leis an chultúr, leis an cheol agus leis an Ghaeilge mar atá siad ar fáil in An Droichead. Ba mhaith linn tógáil sa bhliain atá romhainn ar ar bhain muid amach in 2009 (agus duais mhór Aislinge bainte againn do Shársheirbhísí don Ghaeilge. Tá clár sámhlaíoch d'imeachtaí curtha le chéile againn, rud a thugann le chéile ealaíontóirí, rinceoirí, ceoltóirí agus léachtóirí a bhfuil clú agus cáil orthu ar fud an domhain. Tá súil againn go bhfaigheann tú rud éigin suntasach sa chlár duit féin, agus cuireann muid fáilte roimh do chuid smaointe féin. Tagann deiseanna úra leis an Athbhliain: deiseanna chun do theanga féin a fhoghlaim, agus le huirlis úr nó ceird eile a thógáil. Cuir scáirt orainn, cuir rphost chugainn, nó buail isteach agus bíodh cupán caife againn. Mar fhocal scoir, bíodh 2010 slán, sásta, sláintiúil agaibh.

We would like to thank all of you who have attended Classes and Events at An Droichead over this past year. We would also like to take this opportunity to encourage new participants to come and sample the unique experience offered by An Droicead to access Irish Language, Arts and Culture in South Belfast. It is our aim this year to build and expand on our achievements in 2009 ( receiving the prestigious Aisling Award for outstanding service to the Irish Language). We have designed an imaginative programme of events, bringing Internationally renowned Artists, Musicians, Dancers and Lecturers to South Belfast. We hope that you will find something of interest to you and would welcome any suggestions you may have. With the New Year comes the opportunity to start afresh, to learn your language , musical instrument or enrol in a craft class. Please give us a call, e-mail or call in anytime.
Finally, have a happy, healthy and safe 2010.

**Jim McAuley**
(Oifigeach Imeachtaí /Events Officer)

**Ray Giffen**
(Oifigeach Forbartha / Development Officer)




# Ranganna Gaeilge • Irish Classes

## GCSE Irish (15 seachtain)
**Dé Luain 4 Eanáir**
6.30in - 9.00in

## Irish Leibhéal 3 (15 seachtain)
**Dé Máirt 5 Eanáir**
7.00in - 9.00in

## Irish Leibhéal 2 (15 seachtain)
**Dé Céadaoin 6 Eanáir**
7.00in - 9.00in
Táille £67.00 Táille Deonaithe £37.00

## Bunrang Gaeilge
**Dé Luain 11 Eanáir**
7.00in - 9.00in Saorchead isteach

## Rang Comhrá
**Dé Domhnaigh 10 Eanáir**
8.00in - 10.00in Saorchead isteach

Múna bhfuil rang/leibhéal fóirsteanach duit sa chlár seo, gabh i dteagmháil linn, mar beidh muid ag reáchtáil ranganna eile i rith na bliana.

---

## GCSE Irish (15 weeks)
**Monday 4 January**
6.30pm - 9.00pm

## Irish Level 3 (15 weeks)
**Tuesday 5 January**
7.00pm - 9.00pm

## Irish Level 1 (15 weeks)
**Wednesday 6 January**
7.00pm - 9.00pm
Fee £67.00 Concessionary Rate £37.00

## Beginners Irish
**Monday 11 January**
7.00pm - 9.00pm FREE

## Advanced Conversation Class
**Sunday 10 January**
8.00pm - 10.00pm FREE

If you are able to find a suitable class or level please contact us as we will be arranging other classes throughout the year.

## Dianchúrsa Gaeilge

**4 Leibhéal**

**Dé Sathairn & Dé Domhnaigh**
**27 & 28 Feabhra**
10.00rn - 4.30in
Tae, Caife agus Lón san áireamh

- **Bunrang**
- **Meánrang**
- **Íochtarach**
- **Uachtarach, Ardrang**

Mairfidh an cúrsa seo ó 10.30rn go 4.30in gach lá. Beidh lón in áireamh sa chostas £25.00 (£15, 14 - 18 bliain d'aois). Beidh teorainn ar líon na n-áiteanna sa chúrsa agus sa crèche; mar sin, bí cinnte go gcláróidh tú go luath; caithfidh lón pacáilte a bheith le gach páiste. Riarfar ar gach ábaltacht. Le clárú, gabh i dteagmháil le:

**Tuilleadh eolais: 02890 288818**

---

## Intensive Irish Language Weekend Course - 4 Levels

**Saturday & Sunday**
**27 & 28 February**
10.00am - 4.30pm
Tea, coffee and lunch included

- **Beginners**
- **Intermediate lower**
- **Intermediate higher**
- **Advanced**

The course will run from 10.30am to 4.30pm each day. The cost of £25.00 (£15, 14 - 18 yeras) will include lunch. Places on the course and for the crèche are limited so please ensure you register early; children should be provided with a packed lunch. All abilities are catered for, to obtain a registration form contact:

**Further information: 02890 288818**




Le linn Seachtain na Gaeilge, rud atá mar cheiliúradh chun an Ghaeilge agus ár gcultúr a chur chun cinn, beidh An Droichead ag reáchtáil roinnt mhaith d'imeachtaí ó 5 Márta go dtí 17 Márta. Sa chlár imeachtaí atá againn, tá rogha do gach duine a bhfuil suim acu sa chultúr Gaelach, bíodh sé sin ceol, damhsa nó an Ghaeilge féin.

As part of the Seachtain na Gaeilge celebrations promoting Irish language and culture, An Droichead will host an extensive series of events from 5th March – 17th March. This programmeof events provides something for everyone with an interest inIrish culture, whether Irish language, music or dance.

## Gearrscannáin Dátheangacha - Bilingual Short Films



Dé Domhnaigh 7 Márta, 8.00in
Sunday 7 March, 8.00pm

Beidh muid ag taispeáint cuid gearrscannán Gaeilge (le fotheidil) a chuireann béim ar shaothar de chuid léiritheoirí óga na hÉireann.

We will be showing a series of Irish Language short films (subtitled) highlighting the work of some of Irelands top young film makers.

---

## Tráth na gCeist do Bhunscoileanna




De hAoine 12 Márta, 2.00in
Friday 12 March, 2.00pm

Beidh 'T. na gC.' na bliana seo ar siúl i Lárionad An Droichid. Tá súil againn go nglacfaidh na scoileanna uilig páirt ann arís. Baineann na páistí an-sult as a bheith ag bualadh le dáltaí ó ghaelscoileanna eile.

This year's quiz will be hosted at Lárionad an Droichid. We hope that all schools will participate once again as it is always an enjoyable experience for the children to meet with pupils from other Gaelscoileanna.

---

## Seisiún Ceoil agus Tráth na gCeist



Dé hAoine 12 Márta, 9.00in.
Tigh Madden

Friday 12th March, 9.00pm.
Madden's Bar

Beidh An Droichead, i gcompháirtíocht le Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain, ag reáchtáil tráth na gceist i dTígh Madden, agus duaiseanna airgid ann do na buaiteoirí. Táille £12 ar gach foireann de cheathrar. Beidh seisiún bríomhar ceoil ann i ndiaidh an T. na gC.

An Droichead in co-operation with Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain will host an Irish language quiz in Maddens Bar. Cash prizes for the winners. There will be a cost of £12.00 per team of Four. The quiz will be followed by a lively music session.



## Lá Fhéile Pádraig, St Patrick's Day, Aifreann Gaeilge Irish Mass



Beidh Aifreann Gaeilge ar 12.00in
i séipéal Good Shepherd, Bóthar Ormeau.
Fáilte roimh chách.
Socraithe Le Bredagh CLG agus An Droichead

St Patrick's Day 12 o'clock
An Irish Language mass will be celebrated inGood Shepherd Church, Ormeau Road.
Everyone welcome!
Organised by Bredagh GAC and An Droichead

---

## Lá Spraoi do Theaghlaigh Family Fun Day



Dé Céadaoin 17 Márta,
Lárionad An Droichid, 2.30in - 5.30in
Wednesday 17 March 2008,
2.30pm – 5.30pm

Deis do na pobail uilig i nDeisceart Bhéal Feirste teacht le chéile agus Lá Fhéile Pádraig a cheiliúradh. Is ar mhaithe le teaghlaigh amháin a bheas an lá seo agus beidh na grúpaí uilig ag cur amhráin, ceol agus damhsa i láthair. Beidh fosta insint dátheangach de scéal Phádraig. Cuirfear smailceanna ar fáil agus beidh céilí traidisiúnta ann ag deireadh an lae.
Saorchead isteach.
COSC IOMLÁN AR DEOCH.

A chance for all South Belfast Communities to come together and celebrate St Patrick's Day. This day will be for Families only and will include song, dance and music from all participating groups as well as a bi-lingual telling of the story of St Patrick. Refreshments will be served and the day will conclude with a traditional family céilí.
Admission Free.
STRICTLY NO ALCOHOL

## Cumann Gaelach An Droichid





# Cumann Gaelach An Droichid

**Dé Domhnaigh**
**31 Eanáir**
**28 Feabhra**
**28 Márta**
9.00in - 10.30in
Saorchead isteach
**Comhrá, ceol,**
**damsha agus craic**

**Sunday**
**31 January**
**28 Fbruary**
**28 March**
9.00pm - 10.30pm
Admission Free
**Conversation, music,**
**dancing and craic**

Uair sa mhí, beidh seans agat teacht chuig oíche airneáil sa lárionad. Beidh fáilte mhór romhat má tá cúpla focal nó Gaeilge líofa agat. Beidh aoíanna éagsula againn i rith na bliana.

**Beidh fáilte mhór roimh chách**
**Saorchead isteach**

Whether you have a cúpla Focal or fluent Irish, you'll have a chance to practice and improve your conversation skills at our new irish cultural social evenings. Each month at Lárionad An Droichid. Throughout the year Cumann Gaelach An Droichead will feature, guest speakers, musicians, dancers and great nights of craic andd culture.

**Everyone welcome.**
**Admission FREE.**

# Ceolchoirmeacha ag An Droichead



Tá An Droichead i ndiaidh clú a tharraingt air féin le bliain go leith anuas mar an príomh ionad ceoil thraidisiúnta i ndeisceart Bhéal Feirste. Chuaigh an scéal sin ar fud Béal Feirste agus níos faide anonn; rud a chuidigh linn na ceoltóirí ab'fhearr i gcóngar agus i gcéin a mhealladh chuig an lárionad seo. Lóchranna ceiliúrtha atá sna coirmeacha ceoil abhus anseo sa lárionad. Bíonn atmaisféar ar leith ann agus is minic cuairteoirí nua ag déanamh tagairt dó ar theacht anseo den chéad uair agus sin ceann de na cúiseanna gur minic a bhíonn na seóanna díolta amach. Tá a fhios ag idir thionscnóirí agus ealaíontóirí go mbeidh lán tí ann agus lucht éisteachta i láthair atá eolach agus tuisceanach ar an cheol agus cuireann sin ar ár gcumas ealaíontóirí traidisiúnta den scoth a mhealladh go deisceart Bhéal Feirste, mar atá Mairéad Ní Mhaonaigh, Dermot Byrne (Altan), Liam Ó Floinn (Planxty) Paddy Glackin (Bothy Band) Julie Fowlis agus John Spillane agus daoine eile nach iad.

Gné eile d'oícheanta na gcoirmeacha ceoil go dtugtar seans do cheoltóirí óga áitiúla bheith ag gabháil ceoil os comhair lucht éisteachta. Cúis áthais dúinn seans a thabhairt don chéad ghlúin eile an stáitse a roinnt leis na réalta agus dul i ngleic phearsanta leo.

## Concerts At An Droichead

Over the past year and a half An Droichead has quickly and professionally established itself as the premier traditional music venue in South Belfast. Moreover, this is a reputation that has travelled throughout Belfast and beyond; one which has granted us access to the very finest of international and local traditional music talent. Concert nights are a beacon of musical celebration here at the Lárionad. The atmosphere is always commented upon by our first time visitors, and is one of the reasons that our concert nights are now regularly sold out. The fact that promoters and artists alike are aware that they will play to a full house and to an appreciative and knowledgeable audience enables us to attract the cream of traditional artists to south Belfast *e.g.* Maireád Ní Mhaonaigh of Altan , Julie Fowlis and John Spillane to name but a few.

Another feature of concert nights at An Droichead is the showcasing of young local talent. We are delighted to provide a chance for the next generation of musicians to share the stage and engage with their peers.

# Dé hAoine 15 Eanáir

Ionad: An Droichead
Ticéid: £12.50
Doirse: 7.30in

Mar a deir an seanfhocal Gaeilge

**Tús maith leath na hoibre**

As the Irish proverb says A good start is half the work and therefore we are delighted to announce a concert of "MUNSTER"-OUS PROPORTION both John Spillane(Co Cork) and Lumiere ( Pauline Scanlon and Eilís Kennedy, Co Kerry) on the same bill.

# Friday 15 January

Venue: An Droichead
Tickets £12.50
Doors: 7.30pm



***"One of the great songwriters to emerge in the last 10 years is John Spillane"***

**Christy Moore "Other Voices" Feb '09**

Mar bhuaiteoir faoi dhó de ghradam "Meteor" sa chatagóir ceol na ndaoine/traidisiúnta is fearr, rinne John Spillane camchuairt ar fud na tíre agus an domhain ag spreagadh áthais le meascán d'amhráin shéiseacha, scéalta siamsúla agus lirici fileata.
Rinne Irish Music Magazine cur síos air mar 'one of the truest Irish voices of his generation'' agus cuireann Spillane an spiorad Ceilteach i bhfriotal.
Níl ach rud amháin atá cinnte, ag deireadh seó john Spillane ní bheidh súil thirim ar bith sa teach agus tabharfaidh sé ar thuras thú bíodh sin lena amhráin mhothúchánacha nó lena acmhainn grinn Chorcaíoch nó nach mbíodh.

Twice winner of the meteor award in the best folk/trad category, John Spillane has toured the country and the world spreading joy with a mix of melodic tunes, entertaining stories and poetic lyrics.
Described as 'one of the truest Irish voices of his generation' by Irish music magazine, Spillane truly embodies the Celtic spirit.
The only thing that's for sure is that whether from the emotive tunes he whisks you on a journey with or his dynamic playful Cork wit, at the end of a John Spillane show there won't be a dry eye in the house.

## Lumiere

I Lumiere tá Éilís Kennedy agus Pauline Scanlon; beirt amhránaithe eisceachtúla ón Daingean, Chontae Chiarraí, a bhfuil dhá ghuth soiléire ar leith agus fuaim uathúil amháin acu, Éire is ea í. Le chéile mar Lumiere, tá fuaim agus mothúchán baineann ina gcuid ceoil, arb é an guth an phríomhuirlis cheoil é agus arb í Éire an mháthairthír athshamhalta í. Le Lumiere, is é an t-amhrán agus a chanadh an príomhfhócas é, geilleann na buarthaí teicniúla do mhothúcháin agus an t-amhrán agus an t-amhránaí ag teacht le chéile gan stró.

Sa gheilleagar domhanda reatha, is bréagamhráin iad amhráin ainmheasarthachta agus ábharaíocha. Ceolann Lumiere rud éigin níos iomláine agus níos fíre. Seo fíoramhránaíocht canta ag fíoramhránaithe ag cur fíormothúchán in iúl. Glacann Lumiere amhráin atá naofa agus sean agus déanann siad athshamhlú simplí agus álainn orthu, ag athéileamh na fírinne agus na muiníne don aois nua-aimseartha.

In the current global economy, songs of excess and materialism ring hollow. Lumiere offers something more holistic and true. This is real music by real singers communicating real emotions. Lumiere takes something that is sacred and age old and re-imagines it simply and beautifully, reclaiming truth and trust for the modern age.

**Two distinct voices one unique sound.** Lumiere is Éilís Kennedy and Pauline Scanlon; two exceptional vocalists from Dingle, County Kerry, Ireland. Together as Lumiere, they offer a distinctly feminine sound and feel, where voice is the primary instrument and Ireland as motherland is re-imagined. With Lumiere, the song and its delivery are the primary focus, technical concerns give way to feeling as song and singer effortlessly merge.




# Dé Sathairn 13 Feabhra

Ionad: An Droichead

Ticéid: £10

Doirse: 7.30in

**Cuirfidh tallainn cheolmhar an tríréid seo iontas an domhain ort. Ag seinm le chéile ó 2003, is baill bunaidh iad fosta den bhanna ceoil is iontaí agus is corraithí in Éirinn i nglúin s'againne darb ainm "Guidewires".**
**Sa cheol s'acu tá seanphoirt agus poirt nua le port ó thar sáile ina measc. Is é an rud atá difriúil fá dtaobh díobh ná an bealach a chóiríonn siad na píosaí ceoil seo. Ag an cheolchoirm seo seinnfidh an tríréad cuid mhór port nár chualathas riamh roimhe.**

**Pádraig Rynne – An Consairtín**
Tá Pádraig ar dhuine de na daoine is mó clú i gceol na hÉireann a sheinn agus a thaifead leis na ceoltóirí is mó cáile i gceol. Mar iarbhall de "Cian" – thaifead agus sheinn Pádraig le ceoltóirí as Arty McGlynn, Kevin Crawford, Tony Linnane, At First Light, Flook … tá sé soiléir go bhfuil sé ar dhuine de na ceoltóirí is mó ráchairte i gceol an lae inniu. Bhí a albam aonréadach "Bye A While", eisithe i 2005, ar cheann de na halbaim cheoil thraidisiúnta ba mhó díolta sa bhliain sin.

**Tóla Custy – An Fhidil**
Tá ainm Custy bainteach le ceol fidile an Chláir, tá Tóla ar dhuine de na seinnteoirí, cumadóirí agus ceoltóirí is mó cáile i gceol na hÉireann. Thaifead agus sheinn Tóla le ceoltóirí amhail Mirella Murray, Grada, Lúnasa, Alan Kelly agus a bhanna ceoil, Arty McGlynn, Heidi Talbot agus Pauline Scanlon.

**Paul McSherry – Giotár**
Mar bhall de theaghlach clúiteach Mhic Shearrraigh ó Bhéal Feirste, ní ábhair iontais é gur tugadh creidiúint dó as ceol Éireannach ar an ghiotár a athchumadh. Mar bhall bunaidh Tamalin, thaifead agus sheinn Paul le Déanta, Mosaic, Liam O Flynn, The Donal Lunny band fosta.

**Kathleen MacInnes**
Scotland on Sunday "Best Folk Album released in 2006" Og-mhadainn Shamhraidh (Summer Dawn) Kathleen MacInnes. Agus muid ag obair leis an cheolchoirm seo a eagrú tá lúcháir orainn fáilte a chur roimh an amhránaí iontach seo ó Uist a Dheas go dtí An Droichead. Tá cumas agus aigeantacht ghlórach uathúil ag Kathleen beogacht dhrámatúil a chur i gcanadh a cuid amhrán – is aisteoir agus láithreoir teilifíse í agus tá a halbam "Og-mhadainn Shamhraidh", le tionlacáin ó roinnt de na ceoltóirí Gaelacha is fearr amhail Cathy Ann MacPhee agus Julie Fowlis, agus ó shárionstraimithe cheol tíre amhail Donald Shaw agus Michael McGoldrick ó Capercaillie go dtí an fidléir John McCusker iontach agus álainn. Duine ar bith nach bhfuil saothar Kathleen ar eolas acu déanfar fíorchineál orthu.

# Saturday 13 February

Venue: An Droichead

Tickets £10

Doors: 7.30pm

**Together this trio will blow you away with their musical talents. Performing together since 2003, they are also founder members of Irelands hottest and most exciting band of our current generation "Guidewires".**
**Their music consists of both new and old tunes with an odd foreign set thrown in for good measure. What makes them so different is their arrangements of these musical pieces. This concert includes many new unheard sets from the three.**

**Pádraig Rynne – Concertina**
Pádraig is one of Irish music's best known names and seems to have played and recorded with the biggest names in music. An ex member of "Cian" –Pádraig has recorded and performed with musicians such as Arty McGlynn, Kevin Crawford, Tony Linnane, At First Light, Flook … it is clear that he is one of music's most in demand musicians.
His solo album "Bye A While" released in 2005 was one of the fastest selling Traditional albums that year.

**Tóla Custy – Fiddle**
The name of Custy is synonymous with Clare fiddle music, Tóla is one of the most famous performers, composers and recording artist that Irish music has to offer. Tóla has recorded and performed with Mirella Murray, Grada, Lúnasa, Alan Kelly and his band, Arty McGlynn, Heidi Talbot and Pauline Scanlon, just to name a few.

**Paul McSherry – Guitar**
A member of the famous McSherry family from Belfast, it's no surprise that Paul has been credited with re-inventing Irish music on the guitar. A founding member of Tamalin, Paul has also recorded and played with Déanta, Mosaic, Liam O Flynn,
The Donal Lunny band

**Kathleen MacInnes**
Scotland on Sunday "Best Folk Album released in 2006" Og-mhadainn Shamhraidh (Summer Dawn) Kathleen MacInnes. Having worked for almost two years to put this gig together, We are delighted to welcome this amazing vocalist from South Úist to An Droichead. Kathleen has unique vocal colour and an ability to breathe dramatic life into her songs - she's also an actress and television presenter, and her album "Og-mhadainn Shamhraidh" with accompaniments by some of Gaeldom's best singers including Cathy Ann MacPhee and Julie Fowlis, and top folk instrumentalists from Capercaillie's Donald Shaw and Michael McGoldrick to fiddler John McCusker is a beauty. Anyone not already familiar with Kathleen's work is in for a real treat.




## Dé Sathairn 20 Feabhra

Ionad: An Droichead
Ticéid: £10
Doirse: 7.30in

**Cathal Hayden**
Ní gá míniú cé hé **Cathal Hayden** mar is eol do chách a bhfuil suim acu sa cheol traidisiúnta. Bhain sé clú idirnáisiúnta amach mar duine de bhunaitheoirí "Four Men and a Dog", agus mar chuid den "Máirtin O'Connor Trio" ar na mallaibh le Seamie O'Dowd. Ní amháin go bhfuil sé ar na fidléirí is fearr in Éirinn ach cuireann a chuid aonréad bainseó iontas ar a chomh-cheoltóirí agus ar a lucht éisteachta araon.

**John Joe Kelly**
Tá **John Joe Kelly** ar na seinnteoirí bodhráin is mó éilimh i saol an cheoil traidisiúnta sa lá atá inniu ann. Is as Manchain dó John Joe, a thosaigh ag seinm cnaguirlisí agus é an-óg agus atá anois ina bhall de na buíonta Flook agus Mike McGoldrick Band. Tá stíl dá chuid féin aige, agus tá clú mór ar a chuid ceoil i measc ceoltóirí traidisiúnta ar fud an domhain. Le déanaí bhí baint aige le cuid mhór comh-thionscadail cheoil domhanda.

**PJ McDonald**
Tharraing **PJ McDonald** aird air féin mar sheinnteoir feadóige trí thógáil ar stíl a athar, Hugh Pat McDonald, agus stíl na sár-cheoltóirí áitiúla ina bhaile, Domhnach Mór. Tá clú air anois mar gheall ar a amhránaíocht agus seinm giotáir breá traidisiúnta. Le tamall anuas tá sé ag cleachtadh a cheird leis an cheoltóir mór Cathal Hayden.

## Saturday 20 February

Venue: An Droichead
Tickets £10
Doors: 7.30pm

**Cathal Hayden**
Cathal Hayden needs no introduction to anyone even remotely familiar with traditional Irish music. He achieved worldwide recognition as one of the founder members of "Four Men and a Dog", and more recently as part of the 'Mairtin O Connor Trio', with Seamie O' Dowd. He is one of Ireland's top fiddlers and his solo banjo performances are quite simply show stopping.

**John Joe Kelly**
John Joe Kelly, is one of the most sought-after bodhran players on the folk music scene today. A member of Flook and Mike McGoldrick bands, John Joe is from Manchester and started playing percussion at a very young age. His style is unique with his deep rhythms and funky variations. His playing has become legendary throughout the traditional scene. In recent years he has been involved in many world music collaborative projects.

**PJ McDonald**
PJ McDonald made his name as a tin whistle player, learning from his late father, Hugh Pat McDonald, and from the many talented musicians around his native village of Donaghmore. He is now as well known for his superb traditional singing and guitar playing. In recent times he has been applying his talent with the renowned Cathal Hayden.



## Seoladh Cd Úr le John McSherry



## Ceolchoirm - Seachtain na Gaeilge At First Light

# Dé Sathairn 6 Márta

Ionad: An Droichead

Cead isteach le cuireadh

7.00 - 8.00in

Thar cúig bliana déag anuas, bhí John McSherry ag seinm agus ag taifeadadh le cuid mhór ceoltóirí agus grúpaí ó Donal Lunny agus Lunasa go Clannad agus The Corrs! Bhí sé ag déanamh camchuairte lena bhanna ceoil féin 'At First Light' fosta agus d'eisigh sé dhá dhísead albam iontach rathúil chomh maith! Níl ach an t-am aige anois a chéad albam aonréadach a chumadh agus a thaifeadadh, a bheidh á eisiúint i mí Mhárta i mbliana. Is meascán de phoirt thraidisiúnta agus saothar ceoil John féin é an t-albam. Is meascán de cheol bhríomhar ó na píopaí, ó fheadóga, ó ghiotáir, ó bhasúcaithe agus ó fhidleacha é an t-albam seo a chuirfidh a lán iontas ar an lucht éisteachta!

# CD Launch:

## John McSherry's much anticipated first solo album

## Saturday 6 March

Venue: An Droichead

Admission by Invite Only

7.00-8.00pm

Over the past fifteen years or so, John McSherry has been performing and recording with everybody from Donal Lunny and Lunasa to Clannad and the Corrs! He has also been touring with his own band 'At First Light' and has released two very successful duet albums along the way! It's only now that John has found time to produce and record his debut solo album which will be due for release in March this year. The album is a mix of traditional tunes and Johns own compositions. A firey blend of pipes, whistles, guitars, bazoukis and fiddles, this album has a lot of surprises in store!

# Dé Sathairn 6 Márta

Ionad: An Droichead

Ticéid: £10  Doirse: 8.45in

***"Irish trad gets a kick up the backside with this dream-team line-up of fiddle, uilleann pipes and crystal-clear vocals. The Pixies meets Planxty? Now there's a thought"***

**The Irish Times**

Sa ghrúpa At First Light tá an píobaire uilleann a bhfuil clú domhanda air **John McSherry** agus an fidléir iontach **Dónal O'Connor**, ar chruthaitheoirí **Tripswitch** iad a ndearnadh cur síos air mar 'foirfeacht fhuaimiúil'. I gcomhar le tallann oirirc **Francis McIlduff** ó theaghlach clúiteach McPeake, le cumhacht, soiléireacht agus lúchair thréan ó cheol **Alan Burke** arbh iarbhall den bhanna ceoil Afterhours é, is féidir leat an fáth a thuiscint a bhfuiltear ag tabhairt 'foireann ceoltóirí aislingeach' orthu.
Ag meascadh amhrán traidisiúnta le ceol cumhachtach agus mín na bpíopaí, na fidle, na bhfeadóg, an ghiotáir agus an bhodhráin, cruthaíonn At First Light fuaim shonach a thugann an lucht éisteachta ar thuras fionnachtana ó fhréamhacha go todhchaí cheol traidisiúnta na hÉireann.

# Ceolchoirm - Seachtain na Gaeilge

# At First Light

Venue: An Droichead

Tickets: £10  Doors: 8.45pm

At First Light comprises the talents of world renowned Uilleann Piper John McSherry and outstanding young fiddle player Dónal O'Connor creators of Tripswitch, which has been described as 'Acoustic perfection'. Combined with the sublime talent of Francis McIlduff from the famous McPeake clann, the power, clarity and sheer joy of Alan Burke formerly of the band Afterhours and 'Asturien Traditional Musician of the Year 2006' Rubén Bada and you can see why the band is being portrayed as 'a dream team line up".




## Dé Sathairn 27 Márta

Ionad: An Droichead

Ticéid: £10

Doirse: 7.30in

Tabharfaidh an cheolchoirm seo triúr de cheoltóirí traidisiúnta na hÉireann is fearr le chéile agus is cinnte go mbeidh oíche de cheol traidisiúnta agus chruthaitheach á sheinm ann.

Seinneann an Duibhlinneach **Caoimhín Ó Raghallaigh** ceol tíre traidisiúnta agus comhaimseartha ar an fhidil, ar an vióla 5 téad agus ar an fhidil Hardanger. Mar fhidléir traidisiúnta, cuireadh síos ar a albam Kitty Lie Over, a rinneadh leis an phíobaire uilleann Duibhlinneach Mick O'Brien, san Irish Times mar "a niftier mood enhancer than any drug therapy".
Tá **Catherine McEvoy** ar dhuine de na léiritheoirí comhaimseartha is fearr i stíl fhidléireachta Shligigh-Ros Comáin, idir liriciúil agus bhríomhar. Is iarbhall de "Macalla" í Catherine arbh é an chéad ghrúpa ceoil thraidisiúnta ban. I measc na n-albam a rinne sí bhí "Catherine McEvoy" (1998) "The Kilmore Fancy" (2004).
Agus é ina shaineolaí ar an Chonsairtín, sheinn **Micheál Ó Raghallaigh** mar aonréadaí agus mar bhall den ghrúpa ceoil thraidisiúnta "Providence" i SAM agus ar fud na hEorpa. Sheinn sé leis an Táin Céili Band a bhain trí Chraobh Sinsearacha uile-Éireann as a chéile, agus leis an Naomh Pádraig Céili Band. I ndiaidh rath gan fasach a chéad albam "The Nervous Man" sa bhliain 2001 sáraíonn sé na hionchais go léir leis an dara albam s'aigesan "Inside Out".
Le tuilleadh eolais a fháil gabh chuig: www.stateofchassis.com

***"Caoimhín Ó Raghallaigh led this merry trio on a fleet-footed foray through vast meadows, indeed prairies of tunes, his fiddle often leading, sometimes following, and occasionally refraining from joining the melee......... individually accomplished and collectively hugely engaged, they seemed to revel in the chance to test and taste of one another's music."***

**Siobhán Long, The Irish Times, Eanáir 2008**

# Buttons, Barrels & Bows

## Saturday 27 March

Venue: An Droichead

Tickets: £10 Doors: 8.45pm

This concert brings together three of the finest Irish traditional players promising an evening of traditional yet inventive music making.

Dublin-born **Caoimhín Ó Raghallaigh** plays traditional and contemporary folk music on fiddle, 5-string viola and hardanger fiddle. As a traditional fiddler, his Kitty Lie Over album with Dublin uilleann piper Mick O'Brien was described in the Irish Times as "a niftier mood enhancer than any drug therapy".
**Catherine McEvoy** is one of the finest contemporary exponents of the Sligo-Roscommon style of flute playing, both lyrical and driving. Catherine is a former member of "Macalla" the first all female traditional group. Her recordings include "Catherine McEvoy" (1998) "The Kilmore Fancy" (2004).
Concertina maestro, **Micheál Ó'Raghallaigh** has performed as both a soloist and as a member of the traditional group "Providence" in the USA and throughout Europe. He has also been part of the Táin Céili Band 'three in a row' senior all Ireland title winners, and the Naomh Pádraig Céili Band. Following the unprecedented success of his debut album "The Nervous Man" in 2001 he surpasses all expectations with his second recording "Inside Out".
For further information go to: www.stateofchassis.com

Ceardlanna • Workshops

An Droichead has established a reputation in providing high quality craft workshops and in creating a unique cultural space in south Belfast where local artists can exhibit their work. We have provided, and continue to provide, the platform for people to develop technical and entrepreneurial skills within the craft sector.

The centre runs a broad range of craft workshops in both taster and long term formats utilising select techniques, materials and tutors. Examples of our workshops include the use of traditional willow craft and basket weaving, bog oak carving, pottery and landscape painting.





## Ranganna Giúis Phortaigh le Eamon Maguire (10 seachtain)

Déardaoin
21 Eanáir
7.00in - 9.00in
Táille £50

Seans faoi leith an snoíodóireacht darach duibhe a fhoghlaim faoi stiúir Éamon Maguire, ealaíontóir, dealbhóir, agus fear déanta bodhráin a thaispeáin a chuid saothair ar fud na cruinne, agus a bhí ann ar son ealaíontóirí Bhéal Feirste ag an Fhéile Smithsonian i Washington, SAM le déanaí. Thosaigh Eamon ag teagasc in An Droichead sa bhliain 2002 agus chaith sé sé bliana anuas ag teagasc teicnící snoíodóireachta agus gearrtha do chuid mhór macléinn. Leanfaidh sé leis i mbliana ag cur eolais ar na téamaí agus ag plé íomhánna difriúla ar baineadh úsáid astu leis na cianta. Caithfear clárú don chúrsa gan mhoill nó tá an-éileamh air.

## Bog Oak Carving with Eamon Maguire (10 weeks)

Thursday 21 January
7.00pm - 9.00pm
Fee £50

A unique chance to learn to carve BOG OAK . Éamon Maguire artist, sculptor and bódhran maker has had his work exhibited world wide and most recently represented the work of Belfast artists at the Smithonian Festival in Washington DC. Éamon started teaching classes in An Droichead in 2002 and has spent the past 6 years teaching carving skills and techniques to a growing number of students.. This year he will continue to teach students to explore and learn the art of carving themes and images from wood dating back thousands of years. Make sure to register early as these classes tend to fill up very quickly.

## Rang Amhránaíochta le Geraldine Bradley (10 seachtain)

Dé Ceadaoin 20 Éanair
7.00in - 9.00in
Táille £20

Seo deis do dhaoine a shíleann nach féidir leo canadh nó atá rud beag neirbhíseach fá chanadh os comhair daoine eile. Baineann oidí an ranga úsáid as meascán de cheol domhanda, traidisiúnta agus nua-aimseartha le scil amhránaíochta a fhorbairt, chomh maith le hairde, raon gutha, teilgean toin, fuaimniú agus léiriú. Tógfaidh an rang seo muinín an dalta tríd amhránaíocht leis an ghrúpa agus b'fhéidir gan an ghrúpa. Cúrsa taitneamhach pléisiúrtha atá ann a chuideoidh leat gan a bheith míorúilteach!

## Singing Workshops with Geraldine Bradley (10 weeks)

Wednesday 20 January
7.00pm - 9.00pm
Fee £20

You may be new to singing or even believe that you can't, or you may be a nervous singer wishing to develop greater confidence. Class tutors use a mixture of contemporary, traditional and world music to develop vocal skill: pitch, range, tone projection, articulation and interpretation. This class will help build confidence through group singing and there may even be the opportunity to try solo singing. This course is fun, relaxing and very supportive, miracles are not promised.



## Péinteáil tírdhreacha d’fhoghlaimeoirí le Tony Bell

**(10 seachtain)**

Dé Ceadaoin 20 Éanair
7.00in - 9.00in
Táille £25

Deis iontach chun péinteáil tírdhreacha a fhoghlaim le healaíontóir agus dearthóir áitiúil Tony Bell. Tá saothar Tony, agus bailiúcháin mhórthaibhseacha s'aige d'áiteanna faoin tuath i dTír Chonaill, tá sé anois ar thaispeáint agus á mholadh go hard ar fud na tíre. Is ar mhaithe leis an tosaitheoir a dhear Tony na ceardlanna seo agus rachaidh sé fríd an phróiseas ar fad leat de réir céimeanna i dtreo do shárshaothair féin.

## Landscape Painting for Beginners with Tony Bell

**(10 weeks)**

Wednesday 20 January
7.00pm - 9.00pm

A fantastic chance to learn the art of landscape learn the art of landscape painting with local artist and designer Tony Bell Tony’s breathtaking collections of rural Donegal have seen his work exhibited throughout the country to great acclaim. Tony has designed these workshops with the complete novice in mind and will take you step by step through the process of creating your own “ masterpiece”.

Ceardlanna • Workshops



## An Tionscadal Óige Cruthaithí le Conor Kennedy

**(12 seachtain)**

Déardaoin 4 Feabhra
7.00in - 9.00in
Saorchead istead

**A series of Multi Artform Workshops for 15 - 18 year olds.**
*A reasonable standard of Irish is required for this project*

An Tionscadal Óige Cruthaithí. Beidh an tionscadal seo ag díriú isteach ar dhaoine óga agus ag forbairt cumas s'acu chun a bheith ag fiosrú agus ag déanamh taighde ar roinnt téamaí mar shampla éagsúlacht chultúrtha, cearta teangan, agus feasacht ar dhaoine eile is orthu féin. Cothóidh sé gaolta le grúpaí ó chúlra éagsúil ó thaobh cultúir, creidimh agus cine.

## Creative Youth Workshop with Conor Kennedy

**(12 weeks)**

Thursday 4 February
7.00pm - 9.00pm
FREE

The Creative Youth Project will engage young people at An Droichead Grúpa Óige Cruthaitheach, in researching and exploring themes such as cultural diversity, language rights and knowledge of self and others and ultimately address relationships across cultural, religious, ethnic or racial divisions. through various mediums.

## Ceardlanna • Workshops



# Ceardlanna Damhsa Seit le Stevie Trainor

**(8 seachtain)**

Dé Domhnaigh 24 Eanáir
6.30in - 8.0in
Saorchead istead

### Bun leibhéal - Meán leibhéal

Deis do chách atá ann roinnt céimeanna damhsa seit a fhoghlaim le Stevie Trainor gach seachtain. Beidh fáilte mhór roimh chách.

# Set Dancing Workshops with Stevie Trainor

**(8 weeks)**

Sunday 24 January
6.00pm - 8.30pm Free

### Beginner - Intermediate Level

A chance for all to learn a set or two with Belfast sets legend Stevie Trainor. Age or ability no barrier to a cracking few hours each week. All welcome.

## Ranganna Ceoil Thraidisiúnta
## Traditional Music Classes



### Feadóg Stáin/Tin Whistle, Bodhrán, Giotar, Fidil, Bosca Ceoil/ Accordian

Ranganna úra ag toiseacht ar feadh 10 seachtaine ar an **Satharn** 16 Eanáir
11.30rn go dtí 1.00in
Táille £30.00



For 10 weeks starting **Saturday** 16th January
11.30 am –1.00pm
Cost £30.00

---

# Ó Bhéal go Béal

Dé Domhnaigh 28 Feabhra
7.00in - 9.00in
FREE
Fáilte roimh chách

Sráith ceardlann amhránaíochta as Gaeilge le hÉamonn Ó Faogáin & Breandáin Ó Fiaich

Sunday 28 February
7.00pm - 9.00pm
FREE
Everyone welcome

A series of singing workshops in Irish with Éamonn Ó Faogáin & Breandáin Ó Fiaich

# Cumann siúlóide • Walking Club



## Cumann Siúlóide
9.00rn ag An Droichead

## Walking Club
9.00am at An Droichead

**Dé Domhnaigh**
31 Eanáir
28 Feabhra
28 Márta

**Sunday**
31 January
28 February
28 March

Uair sa mhí tagann an Cumann Siúlóide le chéile i gcomhair cnocadóireachta - cad chuige nach mbeifeá linn Dé Domhnaigh le do chuid Gaeilge a chleachtadh go slán folláin? Beidh gach siúlóid faoi stiúir. Spreagaimid iadsan atá ag foghlaim Gaeilge le teacht agus an chuid Gaeilge atá acu a chleachtadh.

Beidh muid ag teacht le chéile ar na dátaí seo thuas.

**Tuilleadh eolais ó Jim:**

The Walking Group at An Droichead meet to hill-walk once a month, so why not come alongsome Sunday morning and practise your Irish the healthy way. All walks will be guided. We encourage those who are learning Irish to come along to practise and improve the bit of Irish they have.

We will be coming together on the above dates at 9.00am.

**Extra information from Jim:**

**02890 288818 imeachtai@androichead.com**
**www.androichead.com**

## Clár ama/Programme

| | |
|---|---|
| **January/Eanáir** | |
| Dé Luain 4 | Ranganna Gaeilge |
| Dé Máirt 5 | Ranganna Gaeilge |
| Dé Máirt 6 | Ranganna Gaeilge |
| Dé Domhnaigh 10 | Rang Comhrá |
| Dé hAoine 15 | Ceolchoirm |
| Dé Satharn 16 | Tradition Music Classes |
| Dé Céadaoin 20 | Singing Workshops |
| Dé Céadaoin 20 | Art class |
| Déardaoin 21 | Bog Oak Carving classes |
| Dé Domhnaigh 24 | Set Dancing |
| Dé Domhnaigh 31 | Cumann Siúlóide |
| Dé Domhnaigh 31 | Cumann Gaelach |
| **February/Feabhra** | |
| Déardaoin 4 | Creative Youth Workshop |
| Dé Satharn 13 | Ceolchoirm |
| Dé Satharn 27 agus | |
| Dé Domhnaigh 28 | Dianchúrsa Gaeilge |
| Dé Domhnaigh 28 | Cumann Siúlóide |
| Dé Domhnaigh 28 | Ó Bhéal go Béal |
| Dé Domhnaigh 28 | Cumann Gaelach |
| **Márta/March** | |
| Dé Satharn 6 | Seoladh CD |
| Dé Satharn 6 | Ceolchoirm |
| Dé Satharn 27 | Ceolchoirm |
| Dé Domhnaigh 28 | Cumann Siúlóide |
| Dé Domhnaigh 28 | Cumann Gaelach |




AnDroichead
Lárionad An Droichid
20 Sráid Chúic, Bóthar Ormeau, Béal Feirste, BT7 2EP
20 Cooke Street, Ormeau Road, Belfast BT7 2EP
**www.androichead.com**
☎: +44 (0) 28 9028 8818
R/E: imeachtai@androichead.com